

An Spailpín Fánach | Sample Answer

LC OL 2019 (a)

(i) Déan cur síos, i d'fhocail féin, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den spailpín a thugann an file dúinn i véarsa a haon, línte 1-4, den dán seo. (Is leor dhá phointe eolais.)

(Describe in your own words the image of the Spailpín that the poet gives us in verse one, lines 1-4 of this poem. Two points of information is sufficient).

Tá íomhá bhrónach den spailpín **le feiceáil** (*is seen*) i véarsa a haon. Is **oibrí feirme** (*farm labourer*) é an spailpín **le fada an lá** (*for a long time*). **Tá sé sin soiléir** (*that much is clear*) nuair a deir an file sa chéad líne, 'Im spailpín fánach atáim le fada'. **Éiríonn an spailpín go luath** (*the Spailpín gets up early*) ar maidin don obair agus bíonn sé **ag siúl an t-am ar fad** (*walking the whole time*): 'ag siúl an drúchta go moch ar maidin'. Bíonn an spailpín **tinn go minic** (*often sick*) agus tá sé sin soiléir nuair a deir an file 'ag seasamh ar mo shláinte'. **Faighimid léargas** (*we get an insight*) don **saol cruá** (*hard life*) atá ag an spailpín san íomhá seo.

(ii) Tabhair dhá phointe eolais, i d'fhocail féin, faoin spailpín agus é 'ar mhargadh na saoire' i véarsa a trí. *(Give two points of information, in your own words, about the spailpín at the hiring fair in verse three.)*

Níl an spailpín sásta ina shuí 'cois balla' agus 'ar leataobh sráide'. **Níl meas madra** (*no respect*) ag 'bodairí na tíre', (nó na **feirmeoirí saibhre** (*the rich farmers*)), air **ach an oiread** (*either*). Deir an spailpín **nach rachaidh sé ar ais go Caiseal arís** (*he will not go back to Cashel*), agus is léir go bhfuil sé **in ísle brí** (*down in the dumps*).

(iii) An bhfuil trua agat don spailpín sa dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor dhá fháth). *(Do you pity the spailpín in this poem? Give reasons for your answer. Two reasons is sufficient).*

Tá trua an domhain agam don spailpín sa dán seo, **gan amhras** (*without a doubt*). **Ar an gcéad dul síos** (*firstly*), tá sé **tinn go minic** (*often sick*). Deir an file go mbíonn sé ag seasamh ar a shláinte sa chéad véarsa. **Dar leis an spailpín** (*according to the spailpín*) sa véarsa deireanach, **díolann sé** (*he sells*) a shláinte do na feirmeoirí saibhre: ‘ag díol ná ag reic mo shláinte’. Tá brón orm go bhfuil **drochshláinte** (*poor health*) ag an spailpín.

Ar an dara dul síos (*secondly*), tá trua agam don spailpín mar tá **na coinníollacha oibre uafásach** (*awful working conditions*). **Éiríonn sé ró-luath** (*he gets up too early*) ar maidin agus **siúlann sé chuig gach áit** (*he walks everywhere*). Tá sé sin **soiléir** (*clear*) sa chéad véarsa nuair a deir an file ‘ag siúl an drúchta go moch ar maidin’. **Níl meas ag a fhostóirí air** (*his employers don’t respect him*) **ag margadh na saoire** (*at the hiring fair*) **ach an oiread** (*either*). **Ní haon ionadh** (*it’s no wonder*) go bhfuil trua agam ar an spailpín sa dán seo.